Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0008(COD)

19.7.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013
(COM(2023)0031 – C9-0010/2023 – 2023/0008(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Yana Toom

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Bíonn ról tábhachtach ag staidreamh i bpróiseas reachtóireachta na hEorpa. Is minic a bhíonn staidreamh ina spreagadh do dhlíthe nua trí aird a tharraingt ar fhadhbanna nó trí chuidiú linn réimsí a mbíonn gníomhaíocht reachtach de dhíth orthu a shainaithint. Baineann ár gcur chuige fianaisebhunaithe, maidir le reachtú, úsáid ansin as sonraí chun na réitigh oiriúnacha a mheas nó chun éifeachtacht reachtaíochta a athbhreithniú. Braitheann an obair seo ar fad ar chruinneas na bhfigiúirí a úsáidtear. Is é sin an chúis is gá dúinn a áirithiú go mbíonn an staidreamh a bhailímid cruinn agus inchomparáide ar fud AE. Chun na críche sin, tacaíonn an Rapóirtéir seo le bunú creata a thugann na forálacha ábhartha le chéile chun staidreamh maidir leis an daonra agus le tithíocht a ullmhú agus a chomhroinnt.

Go han-mhinic, is iad na píosaí faisnéise atá ar iarraidh a mbíonn an tionchar is mó acu freisin. Maidir le staidreamh i leith an daonra agus tithíochta, tá a fhios againn go mbíonn deacrachtaí againn sonraí a bhailiú faoi dhaoine leochaileacha, amhail mionlaigh, daoine gan dídean nó daoine faoi mhíchumas. Cé go gcuirtear fáilte roimh chreat nua le haghaidh staidreamh Eorpach comhchuibhithe, caithfimid ár ndícheall a dhéanamh feabhas a chur ar chumhdach grúpaí a bhfuil sé deacair teacht orthu le haghaidh bailiú staidrimh. Ní hamháin go gcaithfear leis an gcreat a chuirfimid i bhfeidhm anois a lamháil go mbaileofar sonraí i leith daoine leochaileacha ach caithfear leibhéal ard uaillmhéine a shocrú leis, maidir le bailiú sonraí i leith na ndaoine sin a bhfágann staidreamh as an áireamh go traidisiúnta iad.

Molann an Coimisiún foinsí nua sonraí a úsáid mar fhreagairt ar threochtaí atá ag fás le bliain anuas chun athrú ó áireamh daonra díreach go dtí daonáirimh atá clárbhunaithe go hiomlán. Ar an dóigh chéanna ar tháinig feabhas de réir a chéile ar na modhanna a úsáidtear chun sonraí a bhailiú, ba cheart dúinn a bheith ag súil le teicnící nua a theacht ar an bhfód sa todhchaí. Cuireann an Rapóirtéir in iúl gur geal léi go gcumasaítear leis an gcreat um staidreamh Eorpach, cineálacha cur chuige nua chun staidreamh a ullmhú agus go spreagtar leis tástáil le teicnící nua. Ag an am céanna, baineann táirgeadh staidrimh, a eascraíonn go háirithe as modhanna nó foinsí nua, le húsáid sonraí pearsanta. Tá sé ríthábhachtach go gcosnaítear cearta daoine aonair agus go mbailítear staidrimh agus lánurraim á tabhairt do reachtaíocht sheanbhunaithe AE maidir le cosaint sonraí.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) In 2017, d'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC) Meabhrán Bhúdaipeist inar sonraíodh an gá le staidreamh bliantúil maidir le méid agus maidir le saintréithe áirithe sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha an daonra agus le staidreamh feabhsaithe i ndáil leis an imirce. Chun go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir a shaoránaigh i ngach gníomhaíocht agus cearta na saoránach aonair arna gcumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[23] agus in Airteagal 10 agus Airteagal 19 CFAE, tá staidreamh iontaofa inchomparáide ag teastáil ón Aontas. Le Rialachán (AE) 2019/1700 soláthraítear creat le haghaidh bailiúcháin sonraí ó shamplaí lena n-éascaítear sonraí maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú a bhailiú a mhéid is féidir ar shamplaí agus anailís a dhéanamh ar roinnt gnéithe den chomhionannas agus den idirdhealú, trí tháscairí socheacnamaíocha agus faisnéis ar eispéireas idirdhealaithe a sholáthar. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéir shonracha agus suirbhéanna tiomnaithe lenar féidir infhaighteacht an staidrimh comhionannais a leathnú tuilleadh ar leibhéal AE. Ba cheart comhar agus comhordú idir na Ballstáit, Eurostat agus na gníomhaireachtaí sin amach anseo a fheabhsú chun freastal ar éilimh úsáideoirí atá ag méadú maidir le sonraí iontaofa agus cuimsitheacha maidir le comhionannas agus éagsúlacht san Aontas.	(6) In 2017, d'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC) Meabhrán Bhúdaipeist inar sonraíodh an gá atá le staidreamh bliantúil maidir le méid agus maidir le saintréithe áirithe sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha an daonra agus le staidreamh feabhsaithe i ndáil leis an imirce. Chun go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir a shaoránaigh i ngach gníomhaíocht agus cearta na saoránach aonair mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[23] agus in Airteagal 10 agus in Airteagal 19 CFAE, tá staidreamh iontaofa inchomparáide ag teastáil ón Aontas. ***Tá staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta riachtanach chun forbhreathnú a bhunú ar shreabha imirce laistigh de AE agus chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit reachtaíocht AE i bhfeidhm i gceart, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.*** Le Rialachán (AE) 2019/1700 soláthraítear creat le haghaidh bailiúcháin sonraí ó shamplaí a lamhálann do shonraí maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú a bhailiú a mhéid is féidir ar shamplaí agus anailís a dhéanamh ar roinnt gnéithe den chomhionannas agus den idirdhealú, trí tháscairí socheacnamaíocha agus faisnéis ar eispéireas idirdhealaithe a sholáthar. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéir shonracha agus suirbhéanna tiomnaithe lenar féidir infhaighteacht an staidrimh comhionannais a leathnú tuilleadh ar leibhéal AE. Ba cheart comhar agus comhordú idir na Ballstáit, Eurostat agus na gníomhaireachtaí sin amach anseo a fheabhsú, chun freastal ar éilimh úsáideoirí atá ag méadú maidir le sonraí iontaofa agus cuimsitheacha maidir le comhionannas agus éagsúlacht san Aontas, ***chun cearta***

daoine aonair atá ina gcónaí san Aontas á áirithiú agus chun éagothromaíochtaí agus gach cineál idirdhealaithe a chomhrac.

---

[23] IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

---

[23] IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údaráis staidrimh náisiúnta rochtain thráthúil ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú.	(20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údaráis staidrimh náisiúnta rochtain thráthúil ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, is féidir staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a bheith bunaithe ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. ***Ba cheart go mbeadh sonraí i bhfoinsí sonraí chomh maith a bhaineann le grúpaí daonra atá doiligh teacht orthu, amhail daoine gan dídean agus daoine ina gcónaí i suíomhanna neamhfhoirmiúla.*** Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil

a thiomsú.

[31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

[31] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin agus go mbeidís ábalta iad a úsáid.	(23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, is féidir feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar acmhainneachtaí freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó is féidir nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainneacht ag na sonraí sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú fónamh chun luathmheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin agus go mbeidís ábalta iad a úsáid. ***Chun an chosaint ar chearta agus saoirsí sealbhóirí sonraí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún liosta a dhéanamh de na cineálacha foinsí sonraí a shealbhaítear go príobháideach agus a fhéadfar a úsáid chun staidreamh a chruthú, lena n-áirítear, i gcás inar gá, aon chosaint bhreise atá de dhíth chun an chomhréireacht maidir le húsáid an chineáil ábhartha sonraí a áirithiú.***

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Maidir le feiniméin a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann maidir le teagmhais bheatha dhéimeagrafacha agus feidhmiú ceart daoine chun maoin tithíochta a cheannach agus a bheith acu, ar maoin í a úsáidtear mar phríomhchóiríocht, mar chóiríocht saoire agus mar chóiríocht thánaisteach ar fud an Aontais, ní bhítear ábalta iad a ghabháil go beacht i gcónaí le foinsí sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá ***neamhshiméadrachtaí*** ann freisin maidir le sreafaí imirce déthaobhacha agus deacrachtaí grúpaí daonra a thomhas, mar shampla, i measc an daonra imirceach, daoine gan dídean nó daoine gan stát. Dá bhrí sin, chun críocha staidreamh daonra agus imirce a thiomsú agus cáilíocht na sonraí sin a áirithiú, ba cheart comhroinnt sonraí a threisiú agus a mheas mar fhoinse sonraí eile fós. Féadfaidh comhroinnt neartaithe sonraí dá leithéid réimse leathan sonraí ábhartha a chumhdach, idir shonraí ar léir nach féidir aonaid staidrimh a shainaithint leo, go díreach nó go hindíreach, agus sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceanglais rúndachta staidrimh. Ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus le leas na mBallstát eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear i dtreoirthionscadail ina ndéantar measúnú ar réitigh shlána nuálacha. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú chun comhroinnt sonraí den sórt sin a éascú agus na coimircí is gá go léir á n-áirithiú.	(29) Maidir le feiniméin a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann maidir le teagmhais bheatha dhéimeagrafacha agus feidhmiú na gceart atá ag daoine chun maoin tithíochta a cheannach agus a bheith faoi úinéireacht acu, ar maoin í a úsáidtear mar phríomhchóiríocht, mar chóiríocht saoire agus mar chóiríocht thánaisteach ar fud an Aontais, níltear ábalta iad a ghabháil go beacht i gcónaí le foinsí sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá ***neamhréireachtaí*** ann freisin maidir le sreabha imirce déthaobhacha agus deacrachtaí i dtaobh grúpaí daonra a thomhas, mar shampla, i measc an daonra imirceach, daoine gan dídean nó daoine gan stát. Dá bhrí sin, chun críocha staidreamh maidir leis an daonra agus an imirce a thiomsú agus cáilíocht na sonraí sin a áirithiú, ba cheart comhroinnt sonraí a threisiú agus a mheas mar fhoinse sonraí eile fós. Féadfaidh comhroinnt threisithe sonraí dá leithéid réimse leathan sonraí ábhartha a chumhdach, ó shonraí ar léir go soiléir nach féidir aonaid staidrimh a shainaithint leo, go díreach nó go hindíreach, go sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceanglais rúndachta staidrimh. Ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus le leas na mBallstát eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear i dtreoirthionscadail ina ndéantar measúnú ar réitigh shlána nuálacha. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú chun comhroinnt sonraí den sórt sin a éascú agus na coimircí is gá go léir á n-áirithiú.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Nuair a bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go sonrach, ba cheart sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme ***a roghnú seachas*** tarchur ***díreach sonraí***.	(30) Nuair a bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go sonrach, ***níor cheart ach*** sásraí comhroinnte sonraí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme ***a úsáid chun sonraí pearsanta*** a tharchur.
[37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch.1).	[37] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch.1).

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30 a) Ní mór go gcomhlíonfar go hiomlán le próiseáil aon sonraí faoin Rialachán seo na coimircí a bhaineann le próiseáil chun críocha staidrimh faoi Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus

Airteagal 13 EUDPR.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679 ná (AE) 2018/1725 ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38] Faoi chuimsiú a raoin feidhme faoi seach, beidh feidhm ag na Rialacháin deiridh sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.	(33) Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679 ná (AE) 2018/1725 ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[38] Faoi chuimsiú a raoin feidhme faoi seach, beidh feidhm ag na Rialacháin deiridh sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo. ***Go háirithe, is fearr sonraí anaithnidithe a úsáid chun staidreamh a chruthú. I gcás nach féidir staidreamh a sholáthar trí shonraí gan ainm a phróiseáil, ba cheart sonraí bréagacha a phróiseáil.***
[38] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).	[38] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta chomh maith le forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig	(35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta chomh maith le forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig

an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; an tréimhsiúlacht agus na hamanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar bhonn ad hoc. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[39]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na Ballstát, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta***; liosta a dhéanamh de chineálacha foinsí sonraí eile a fhéadfar a úsáid chun staidreamh a chruthú*** agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar bhonn *ad hoc*. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[39]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[39] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

[39] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8 a) Ciallaíonn 'grúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu' grúpaí daoine aonair a bhfuil bac iarbhír nó braite ann i leith a gcuimsithe iomláin ionadaíoch maidir le bailiú sonraí staidrimh.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 17 trí liosta a dhéanamh de chineálacha foinsí sonraí chun críche mhír 1, pointe (c) den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha tarmligthe 12 mhí ar a laghad roimh thús úsáid na bhfoinsí sonraí ábhartha. Ní chuirfidh gníomhartha tarmligthe sin de chúram ar na Ballstáit ceanglais nach bhfuil rochtain orthu ach amháin trí shonraí a bhailiú go díreach ó dhaoine aonair, nó trí chúraimí a thagann faoi raon feidhme Rialachán 2019/1700. Thairis sin, ní iarrfaidh aon ghníomhartha tarmligthe ar na Ballstáit catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhailiú nó suirbhé a dhéanamh orthu mar atá sainmhínithe in Airteagal 9 de Rialacháin 1016/679.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***neamhshiméadrachtaí*** sreafaí imirce ***a laghdú***;	(f) ***rioscaí féideartha maidir le comhaireamh dúbailte a sheachaint agus inchomparáideacht níos fearr a maidir le*** sreabha imirce ***a áirithiú***;

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) go mbeidh sí bunaithe, ***más féidir***, ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun prionsabail Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála, sláine agus rúndacht;	(b) go mbeidh sí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun prionsabail Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, teorannú stórála, sláine agus rúndacht;

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***neamhshiméadrachtaí*** na sreafaí imirce ***a laghdú***;	(d) ***rioscaí féideartha a bhaineann le comhaireamh dúbailte a sheachaint agus inchomparáideacht níos fearr maidir le*** sreabha imirce ***a áirithiú***;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 862/2007
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3 a) In Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d): 'ciallaíonn 'saoránacht' saoránacht mar a shainmhínítear í in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[+]
	[+] ***OJ: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS (2023/0008(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt***

IO an Rialacháin sin san fhonóta.'

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Staidreamh maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013
Tagairtí	COM(2023)0031 – C9-0010/2023 – 2023/0008(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 26.1.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 26.1.2023
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	20.4.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Yana Toom 13.4.2023
Dáta a ghlactha	18.7.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 41 –: 3 0: 5
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Assita Kanko, Fabienne Keller, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Nadine Morano, Emil Radev, Paulo Rangel, Isabel Santos, Birgit Sippel, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Yana Toom, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Damian Boeselager, Matjaž Nemec, Jan-Christoph Oetjen, Kostas Papadakis, Cristian Terheş, Miguel Urbán Crespo
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Robert Biedroń, Eric Minardi, Jan Olbrycht, Christian Sagartz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

41	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Lukas Mandl, Nadine Morano, Jan Olbrycht, Emil Radev, Paulo Rangel, Christian Sagartz, Javier Zarzalejos
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Malik Azmani, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Ramona Strugariu, Yana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Theresa Bielowski, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Juan Fernando López Aguilar, Matjaž Nemec, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
The Left	Konstantinos Arvanitis, Clare Daly, Miguel Urbán Crespo
Verts/ALE	Damian Boeselager, Saskia Bricmont, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Tineke Strik

3	-
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Eric Minardi

5	0
ECR	Patryk Jaki, Assita Kanko, Cristian Terheş
ID	Annalisa Tardino
NI	Kostas Papadakis

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh